Coláiste Chilliain

Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.
Fón: 457 4888 Facs: 459 3741 Ríomhphost: eolas@colaistechilliain.ie

Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath

Leabhrán Eolais

"Ár nDúchas Slán"

Is iad an dúchas agus an t-oideachas agus iad nasctha go dlúth an dá chloch ba mhó a bhí ar phaidrín lucht bunaithe Choláiste Chilliain sa bhliain 1981 agus an coláiste ag teacht ar an bhfód. Seasann an coláiste go mórtasach anois mar mhúnla do scoileanna lánGhaeilge eile ar fud na tíre a bunaíodh ó shin i leith.

Tugtar dúshlán na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar uaisleacht a gcine, ar a ndílseacht dá ndúchas Gaelach agus ar a bhféinmheas chun daoine misniúla, macánta, freagracha agus oilte a chothú le haghaidh a thabhairt go muinineach ar shochaí ilghnéitheach mar shaoránaigh Éireannacha.

The pursuit of pride in our cultural and linguistic heritage together with the attainment of a quality education were the two main ideals which shaped the thinking of those responsible for the foundation of Coláiste Chilliain in 1981. The college has been a proud model for many all-Irish schools throughout the country in the years since its establishment.

Students are challenged to reflect on their nobility as a people, on their loyalty to their Irish heritage and on their self respect to produce reliable, honest, responsible and educated young people who will confidently take their place in a pluralist society as Irish citizens.

Éiríonn le fealsúnacht oideachais Choláiste Chilliain agus tá a chruthú sin le feiceáil sna daltaí a shiúileann thar thairseach an choláiste agus sé bliana caite acu ann. Is féidir linn - daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí - aghaidh a thabhairt go dóchasach, dúshlánach ar an saol atá romhainn amach agus beidh "ár ndúchas slán".

Molaim an coláiste daoibh agus fáiltím romhaibh cuairt a thabhairt orainn agus a bhfuil ar fáil againn a fheiceáil.

Le meas,

Joe Mac Suibhne

Príomhoide

Ráiteas Físe

I gColáiste Chilliain cothaítear agus treisítear meas ar a chéile. Leagtar ardbhéim ar neamhspleáchas, ar fhéinmhuinín agus ar an bhfírinne chun timpeallacht a chothú, trí mheán na Gaeilge, inar féidir le daltaí agus foireann an choláiste forbairt de réir a gcumais go pearsanta, go spioradálta, go hacadúil, go sóisialta, go morálta agus go fisiciúil.

A Sense of Mission

Respect for one another is fostered and developed in Coláiste Chilliain.

A high priority is placed on independence, self-confidence and truth to produce an environment, through the medium of Irish, in which students and staff of the college may develop according to their ability personally, spiritually, academically, socially, morally and physically.

Bainistíocht an Choláiste

Feidhmíonn Coláiste Chilliain faoi scáth Choiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath agus tá bord bainistíochta ar a bhfuil ionadaíocht ag tuismitheoirí agus múinteoirí i bhfeighil stiúradh na scoile.

Operating under the County Dublin Vocational Education Committee, Coláiste Chilliain is managed by a Board of Management including representatives of parents and staff.

An Ghaeilge

Is Coláiste lánGhaeilge é Coláiste Chilliain. Is trí mheán na Gaeilge a mhúintear na hábhair agus is í an Ghaeilge an ghnáth-theanga chumarsáide sa scoil. Agus béim á cur ar chaighdeán ard i labhairt na teanga bíonn na daltaí in ann iad féin a chur in iúl go héifeachtach agus a gcumas a bhaint amach i scrúduithe. Tá ard-chaighdeán oideachais ina fhís ag bainistíocht an choláiste, ag an bhfoireann teagaisc agus ag tuismitheoirí an choláiste agus tá réadú na físe seo, trí mheán na Gaeilge, le tabhairt faoi deara sna daltaí a chláraíonn ann.

An Ghaeilge is the medium through which all classes are taught and is the means of communication throughout the school and during its activities.

Foirfeacht Acadúlachta

Is bunchloch de chuid Choláiste Chilliain é ardchaighdeán acadúil a bhaint amach do na daltaí. Aithníonn an coláiste nach bhfeidhmíonn gach dalta ar an leibhéal cumais céanna agus go bhfuil sé de dhualgas ar an gcoláiste cabhrú leis na daltaí ar fad a mbarr cumais féin a bhaint amach. Tá foireann tréadach sa choláiste ar a bhfuil Múinteoir Ranga, Ceann Bliana, Comhairleoir Treorach agus Múinteoir Tacaíochta chun cabhair bhreise a thabhairt do na daltaí le linn a gcuid ama i gColáiste Chilliain.

The pursuit of high academic achievement, taking account of each student's ability level, is one of the main goals of Coláiste Chilliain and a pastoral team supports students in realising their potential.

An Curaclam

Gaeilge
Tíreolaíocht
Foirgníocht•
Béarla,
Stair
Innealtóireacht•
Matamaitic,
Reiligiún
Bitheolaíocht•
Fraincis
Ríomhaireacht
Ceimic•
Gearmáinis,
Oideachas Sláinte
Fisic•
Eolaíocht,
Corpoideachas
Eacnamaíocht•
Eacnamaíocht Bhaile
Ealaín
Staidéar Gnó
Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)
Teicneolaíocht Ábhar (Miotal)
Grafaic Theicniúil
Oideachas Saoránaíochta,
Sóisialta agus Polaitiúil

• *Ar fáil do chúrsa na hArdteistiméireachta amháin*

An Idirbhliain

Is í aidhm na hIdirbhliana ná an deis a thabhairt do dhaltaí forbairt go pearsanta, go sóisialta, agus go hoideachasúil chun go mbeidh an aibíocht acu aghaidh níos fearr a thabhairt ar chúrsa na hArdteistiméireachta. Tugann sí an deis do dhaltaí taithí a fháil ar réimsí oideachais nach ndearnadh staidéar orthu go dtí seo chomh maith le díriú ar chuid de chúrsa na hArdteistiméireachta in ábhair ar leith. Tugtar an deis do dhaltaí a scileanna ginearálta, teicniúla agus acadúla a fhorbairt ag cur na béime ar fhoghlaim i raon leathan ábhar. Bíonn an deis ag daltaí freisin dul ar thaithí oibre, ar obair shóisialta agus ar thurais go dtí áiteanna spéisiúla. Léirítear ceoldráma go bliantuíl mar chuid den idirbhliain.

Transition Year is a unique year in Coláiste Chilliain allowing students to grow and develop intellectually, while experiencing realms of learning beyond the examination oriented curriculum, in preparation for a more mature approach to Leaving Certificate. A production of a musical is an integral part of the Transition Year programme.

Cód Iompair

Tá sé mar aidhm ag Coláiste Chilliain go gcothófaí ardchaighdeán iompair sa choláiste agus chuige seo leantar cód iompair lena threoirlínte agus a nósanna imeachta. Is cás le gach múinteoir iompar agus dul chun cinn na ndaltaí a bhíonn faoina gcúram i gcomhar lena dtuismitheoirí.

It is recognised that discipline is necessary in order for learning to proceed and Coláiste Chilliain, in co-operation with parents, operates a discipline policy and code of conduct.

Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim

Tá níos mó ag baint le saol na scoile ná an obair ranga amháin agus bíonn an deis ag na daltaí páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla lasmuigh den seomra ranga. Tugtar an deis dóibh gaol a chothú le daltaí eile agus leis na múinteoirí fad a bhíonn forbairt á déanamh acu ar na scileanna agus ar na tallanna a bhíonn acu. Tá an-bhéim ar chúrsaí ceoil agus ar chúrsaí spóirt sa choláiste agus glacann daltaí páirt freisin i ndíospóireachtaí, rince, amhránaíocht agus drámaíocht. Moltar do dhaltaí páirt a ghlacadh sna himeachtaí éagsúla atá ar fáil sa scoil.

Students are encouraged to partake in extra-curricular activities as a means of developing their talents, skills and interpersonal relationships and thereby enriching their education. Our sports teams have won many county finals along with our debating teams who have won All-Ireland competitions. Our singers and dancers have represented us in many outstanding ways.

Glacann daltaí páirt sna gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Peil Ghaelach
- Iománaíocht
- Camógaíocht
- Cispheil
- Amhránaíocht
- Sacar
- Díospóireachtaí
- Lúthchleasaíocht
- Rince
- Drámaíocht

Cairde Chilliain

Is é Cairde Chilliain cumann na dtuismitheoirí sa choláiste agus tacaíonn na Cairde go mór le dul chun cinn na scoile. Eagraíonn siad imeachtaí éagsúla ó am go chéile ar mhaithe le tuismitheoirí agus daltaí an choláiste. Bítear an-bhuíoch de thuismitheoirí a chaitheann a gcuid ama go fial chun cur le himeachtaí scoile agus chun an saol dá ndaltaí a shaibhriú.

Parents are encouraged to partake in the activities of Cairde Chilliain, the parents' association, to the benefit of the school community as a whole.

Comhairle na nDaltaí

Feidhmíonn Comhairle na nDaltaí sa Choláiste ar son na ndaltaí. Bíonn ionadaíocht ag gach rang ar an gcomhairle seo agus eagraíonn an chomhairle imeachtaí agus ócáidí éagsúla ar leas na ndaltaí. Tá spiorad agus cur chuige thar na bearta le tabhairt faoi deara i measc daltaí an choláiste agus cothaíonn siad seo comhairle atá gníomhach, fuinniúil.

A vibrant, active Students' Council is a strong and energetic voice on behalf of the student body of Coláiste Chilliain.



Coláiste Chilliain

Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.
Fón: +353-1-4574888 / 4593713 Facs: +353-1-4593741
Ríomhphost: eolas@colaistechilliain.ie Suíomh Idirlín: www.colaistechilliain.ie

Deartha agus Clóbhuailte ag Martone 01 628 1809